


# MARGADH <sup>nó</sup> MARGADH AR BITH?

## Bunrialacha na siopadóireachta ar líne



### CEANNAIGH Ó FHOINSÍ IONTAOPA

Úsáid brandaí agus siopaí a bhfuil cur amach agat orthu.

### SEICEÁIL ATHBHREITHNITHE AGUS RÁTÁLACHA

Go háirithe iad siúd maidir le siopaí agus díoltóirí nach eol duit.

### TÁILLÍ A GHEARRTAR ARÍS IS ARÍS EILE A RIALÚ

Sula gcuireann tú sonraí do chárta ar fáil chun íoc as seirbhís leanúnach ar an idirlíon, deimhnigh conas is féidir leat an tseirbhís sin a stopadh.

### SMAOINIGH GO CÚRAMACH SULA NÍOCANN TÚ

Cinntigh go dtuigeann tú na rioscaí a bhaineann le ceannach ar líne.



### NÁ SEOL AIRGEAD CHUIG DUINE ÉIGIN NACH BHFUIL AITHNE AGAT ORTHU

Mura dtabharfá airgead do dhuine fánach ar an tsráid, ná déan sin ar an idirlíon. Más féidir, bíodh an ceart ar cosaint agat chun na hearraí a fháil ar dtús.



### ÚSÁID CÁRTAÍ CREIDMHEASA NUAIR A BHÍONN RUDAÍ Á GCEANNACH AR LÍNE

Beidh beartas láidir um chosaint custaiméirí ag formhór na gcártaí creidmheasa. Mura bhfaigheann tú a d'ordaigh tú, aisíocfaidh eisitheoir an chárta thú.

### NÁ SEOL SONRAÍ DO CHÁRTA AR RÍOMHPOST RIAMH

Ná seol cóip de do chárta, uimhir do chárta, uimhir aitheantais phearsanta nó aon eolas eile faoi chárta chuig aon duine ar ríomhphost.



### SÁBHÁIL NA CÁIPÉISÍ GO LÉIR A BHAINNEANN LE DO CHEANNACH AR LÍNE

B'fhéidir go dteastóidh siad chun téarmaí agus coinníollacha an díola a dheimhniú nó lena chruthú gur íoc tú as na hearraí.

### NÍL TÚ AG CEANNACH? NÁ FÁG DO CHÁRTA I DO DHIAIDH

Mura bhfuil aon rud á cheannach agat, ná seol nó ná sábháil sonraí do chárta.



### SEICEÁIL SLÁNDÁIL ÍOCAÍOCHTA AN LÁITHREÁIN GHRÉASÁIN

Ná déan do shiopadóireacht ar líne ach ar láithreáin ghréasáin a úsáideann córais fíordheimhnithe iomláin (ar nós Verified by Visa / Cód Slán Mastercard).



### CINNTIGH GO BHFUIL AN TAISTRIÚ SONRAÍ SLÁN

Úsáid prótacail HTTPS agus SSL nuair a dhéanann tú an t-idirlíon a bhrabhsáil. Cuimhnigh: ní thugann siombail an ghlais fraincín le fios go bhfuil láithreán gréasáin dlisteanach.